**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11150 - VERSALIS / NOVAMONT)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 315/07)

1. An 25 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Versalis S.p.A., (Versalis, an Iodáil), atá faoi rialú ENI S.p.A. (ENI, an Iodáil),

— Novamont S.p.A. (Novamont, an Iodáil), atá faoi rialú comhpháirteach indíreach Neuberger Berman Group, LLC (na Stáit Aontaithe) agus Investitori Associati II S.A. atá faoi leachtú (Lucsamburg),

— Matrica S.p.A. (Matrica, an Iodáil), ar comhfhiontar 50:50 é a bunaíodh an 13 Meitheamh 2011 idir Versalis agus Novamont.

Gheobhaidh Versalis rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Novamont ina iomláine agus ar Matrica.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Versalis gníomhach i réimsí na gceimiceán bunúsach agus idirmheánach, na bplaisteach, an rubair agus na gceimiceán ó fhoinsí in-athnuaite, tá gléasraí táirgthe aige in LEE, sa Ríocht Aontaithe agus sa Chóiré Theas, agus feidhmíonn sé trí líonra tráchtála idirnáisiúnta,

— Tá Novamont gníomhach i dtáirgeadh na mbithphlaisteach agus i bhforbairt na mbith-tháirgí agus na mbithcheimiceán ó fhoinsí in-athnuaite, tá gléasraí táirgthe aige in LEE agus sna Stáit Aontaithe, agus feidhmíonn sé trí líonra tráchtála idirnáisiúnta,

— Tá Matrica gníomhach i dtáirgí a dhíorthaítear go hiomlán ó acmhainní in-athnuaite ar bhonn teicneolaíochtaí nua a bhfuil tionchar íseal acu ar an gcomhshaol agus arb é is aidhm dóibh úsáid a bhaint as castacht mhóilíneach an amhábhair glasraí chun ceimiceáin a bhfuil breisluach ard ag baint leo a tháirgeadh. Úsáideann Matrica próiseas chun olaí glasraí a chlaochlú ina n-aigéid agus ina n-eistir mhonacarbocsaileacha agus dhécharbocsaileacha, rud a fhágann gur féidir táirgí ardíonachta a fháil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11150 - VERSALIS / NOVAMONT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË